An Coimisiún Eorpach

# CAD É AN scéal?



25 scéal faoi Éirinn agus an Eoraip



# Ábhar


Réamhrá ó Gerry Kiely . . . 2

**CULTÚR**

Scéalta éachtacha á n-insint . . . 3

Gaillimh 2020: teallach an chultúir . . . 4

Aip Shlí Chiarraí do lucht siúlta na sléibhte. . . . 5

Féilte agus fáilte . . . 6

**TRÁDÁIL & INFHEISTÍOCHT**

Éacht 'jin'-spioráideach Shed Distillery . . . 7

BEI ag tacú le tionscadal tithíochta sóisialta in Éirinn . . . 8

Droichead ar bhearna i Liatroim . . . 9

**AN COMHSHAOL & AN AERÁID**

Fuinneamh glan, fuinneamh Chléire . . . 10

Cairde Éanlaith Éireann agus tarrtháil na gCrotach . . . 11

An fharraige mhór á mapáil . . . 12

**OIDEACHAS & TAIGHDE**

Díospóireacht na nDaltaí faoi Thodhchaí na hEorpa . . . 13

Tionscadal i bPort Láirge: oscailt mhór súl . . . 14

Bean ag táthú i measc na bhfear . . . 15

Feabhsú na meabhairshláinte leis an teicneolaíocht . . . 16

**TALMHAÍOCHT & IASCACH**

Srian agus buarach ar an athrú aeráide . . . 17

Feirm in Éirinn ag laghdú dramhaíl bia . . . 18

Tacaíocht do bhia mara blasta na hÉireann . . . 19

**AN POBAL**

Éachtaí an tionscadail sacair . . . 20

'Journeys': an tslí chun tuisceana . . . 21

Faoin tuath i nDún Aill: nuálaíocht agus teacht aniar . . . 22

An éagsúlacht abú! . . . 23

**ÉIRE OS COMHAIR AN tSAOIL MHÓIR**

Dídean agus dúchas na feirme . . . 24

Titim agus turnamh an bhalla . . . 25

Pobail na Somáile: athchumhacht tar éis na díbeartha . . . 26

Éireannach i gceannas ar ruathair mhóra drugaí san Eoraip . . . 27

Teagmháil leis an Aontas Eorpach . . . 28



Gerry Kiely agus Helen McEntee, T.D.

# Réamhrá

Is iomaí sin glúin a bhí faoi dhraíocht ag traidisiún saibhir scéalaíochta na hÉireann, traidisiún a thug léann agus eolas do na glúnta céanna sin.

Is dlúthchuid den chumarsáid atá sa traidisiún sin, traidisiún atá chomh tábhachtach céanna sa lá atá inniu ann agus a bhí le linn ár sinsear agus iad ag malartú scéalta le chéile cois tine i bhfad sular tháinig leabhair ná páipéir nuachta ar an bhfód.

Ar na scéalta is mó atá le hinsint ar na saolta seo tá an caidreamh atá ag Éirinn leis an Eoraip. Scéal atá ag dul níos faide siar ná daichead bliain, agus scéal nár insíodh a dheireadh go fóill ná baol air.

Mar sin de, faoi mar a deirtear go minic in Éirinn, "cad é an scéal?" Go dtí seo, is scéal faoin tsíocháin, faoin rathúnas, faoin tsaoirse agus faoin dóchas é.

A bhuí le ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach is fearr a bhímid ag obair, ag taisteal agus ag siopadóireacht, ach más fearr féin, tá dúshláin mhóra ann fós, ina measc sin an t-athrú aeráide a cheansú, dúshlán nach féidir aghaidh a thabhairt air gan Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh a bheith ag obair as lámha a chéile.

A bhuí leis an Aontas Baincéireachta agus le tionscnaimh nua eile nach é, bíonn ár gcuid airgid á chosaint. A bhuí leis an Aontas Fuinnimh is slán dár soláthar fuinnimh agus is cinnte go bhfuil bearta éifeachtacha againn chun an t-athrú aeráide a chomhrac. Déanfar cúrsaí feirmeoireachta a thabhairt cothrom le dáta agus is láidre a dhéanfar cosaint ar an gcomhshaol freisin ach an comhbheartas talmhaíochta a athchóiriú.

A bhuí leis an Margadh Aonair Digiteach is fearr an teacht atá againn ar earraí ar líne dár ngnólachtaí agus dár gcustaiméirí, agus bíonn sé dár gcosaint ar chibirionsaithe.

Tá clár an Aontais Eorpaigh i dtaca leis an imirce ag forbairt bealaí nua chun an imirce a bhainistiú go cothrom agus go daonna, agus bealaí chun ár dteorainneacha a choinneáil sábháilte ag an am céanna.

Ach dá thábhachtaí na mórthionscnaimh sin, seans gur sna scéalta nach gcuirfeadh duine sonrú iontu atá fíorscéal an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann, scéalta nach gcluintear mórán fúthu, scéalta a thiteann amach sna pobail, sna gnólachtaí, sna feirmeacha, sna scoileanna agus sna hollscoileanna ar fud na tíre.

Tá an tionscadal seo curtha le chéile ag Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn chun 25 scéal a insint, scéalta a léiríonn cuid de na bealaí a dtéann a ballraíocht leis an Aontas Eorpach chun sochair d'Éirinn.

Tá na mílte scéalta eile dá leithéid ann fud fad na tíre a léiríonn an chaoi a mbaineann an tAontas Eorpach le gach uile shaoránach idir Éireannach agus Eorpach.

Agus an rud is fearr ar fad de, níl deireadh ná baol air leis an scéal go fóill, agus is iomaí caibidil atá fós le scríobh.

**Gerry Kiely**

Ceann Ionadaíochta an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn

**Helen McEntee T.D.**

Aire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha



# Scéalta éachtacha á n-insint

Is fada clú ar scéalaíocht na hÉireann, cá hiontas mar sin go bhfuil roinnt duaiseanna domhanda buaite ag duine de na scannánóirí clár faisnéise is mó sa tír.

Bíonn an-éagsúlacht ábhair sna cláir faisnéise chumhachtacha a léiríonn Crossing the Line, idir an fiadhúlra, an eolaíocht agus an stair. In 2018 bhuaigh siad Emmy ar 'The Farthest', scannán an-spéisiúil faoi mhisean clúiteach an Voyager a bhí ag NASA – an chéad spásárthach a chuaigh chomh fada leis an spás idir-réaltach.

Níl in Crossing the Line ach cuideachta chruthaitheach amháin i measc an iliomad cuideachtaí agus daoine cruthaitheacha in Éirinn a fuair tacaíocht ó Eoraip na Cruthaitheachta MEDIA, clár de chuid an Aontais a chabhraíonn le hearnáil closamhairc, chultúrtha agus chruthaitheach na hEorpa.

Is ó na hoifigí atá acu i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh a chuireann Deasc na hÉireann don Chlár "Eoraip na Cruthaitheachta" comhairle, tacaíocht agus eolas ar fáil faoin gclár agus faoi dheiseanna maoinithe.

Admhaíonn John Murray ó Crossing the Line gur chabhraigh MEDIA Eoraip na Cruthaitheachta leis an gcuideachta fás ina fiontar atá tar éis duaiseanna móra a thabhairt léi.

*"Ceapaim go bhfuil muid an-uaillmhianach ach má tá féin tá muid measartha beag ó thaobh struchtúir de, dála an-chuid cuideachtaí léiriúcháin in Éirinn,"* ar seisean.


*"Is mar gheall ar an maoiniú a fuair muid ó MEDIA a bhí muid in ann smaointe a fhorbairt agus scannáin a léiriú a bhí chomh maith le rud ar bith go hidirnáisiúnta. Is mór a chuir sé le caighdeán na hoibre a bhí muid a dhéanamh, rud a spreag muid le tabhairt faoi thionscadail ní ba mhó agus ní b'fhearr."*

I dtaca leo siúd ar mian leo a bheith ina n-ealaíontóirí meán agus a bhfuil smaointe maithe acu, deir Murray gur féidir le Deasc na hÉireann don Chlár "Eoraip na Cruthaitheachta" cabhrú leo chun a dtionscadail a fhorbairt.

*"Ná bíodh eagla ort roimh an iarratas féin, sin agat comhairle do leasa,"* a dúirt sé.

*"Roinn ina chodanna é, agus tabhair faoi píosa ar phíosa. Cuimhnigh nach mór duit thú féin agus an smaoineamh atá agat a chur chun tosaigh, agus ná bíodh leisce ort na rudaí a bhain tú amach a shonrú agus buanna do thionscadail a mhíniú."*










CULTÚR



# Gaillimh 2020: teallach an chultúir

Is minic a deirtear gurb í Gaillimh lárionad cultúrtha na hÉireann, agus in 2020 tuigfidh an Eoraip ar fad an chúis atá leis sin, nó is ansin a bheidh cathair na dtreabh ar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa go hoifigiúil.

Cuireadh tús leis an scéim Príomhchathracha Cultúir in 1985 chun borradh a chur faoi fhorbairt chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíoch na gcathracha a roghnófaí. Roghnaíodh Gaillimh i gcomhair 2020 agus tá sí ag ullmhú chun togha agus rogha an chultúir atá inti a léiriú don chuid eile den Eoraip agus do thíortha is faide i gcéin.

Is le linn na n-ullmhúchán sin sa chathair a reáchtáladh FRESH STREET#3 mí Bhealtaine 2019, clár imeachtaí a thug an chéad spléachadh ar na nithe a bheidh ar siúl in Gaillimh 2020.

Rinne breis agus 200 ealaíontóir, ríomhchláraitheoir, taighdeoir, múinteoir, iriseoir agus lucht déanta beartas ar an gcathair don seimineár idirnáisiúnta is mó san Eoraip faoi na healaíona sráide.

Bhí taispeántais ann ó ealaíontóirí sráide áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta le linn imeachtaí na dtrí lá. Bhí Uachtarán na hÉireann Micheál D. Ó Uiginn i láthair freisin agus é ag baint sult agus só as an taispeántas.

*"Trí fhorbairt na samhlaíochta agus na cruthaitheachta a aithint agus a spreagadh ina n-iomláine, tá muid ag leagan síos dúshraith don tsaoránacht chuimsitheach, saoránacht atá bunaithe ar an oidhreacht choiteann, agus ar an tuiscint atá againn i dteannta a chéile ar an bhfiúntas atá san oidhreacht sin dúinn,"* arsa sé.

Le linn FRESH STREET#3 bhí ceardlann ar siúl ag Sorcas Pobail na Gaillimhe chun forbairt a dhéanamh ar shárthaispeántas darb ainm 'Wires Crossed – A Balancing Act for Europe'. Is mar chuid de Gaillimh 2020 a bheidh an taispeántas seo ann, taispeántas ina mbeidh 400 duine ag dul trasna abhainn na Coiribe ar théada rite.

Níl ann seo ach ceann amháin de na himeachtaí atá Gaillimh 2020 a eagrú, le maoiniú agus le tacaíocht ón Aontas, agus de réir gach cosúlachta is clár imeachtaí spraíúil croíúil bríomhar a bheidh ann. Cuirfear tús leis ag searmanas mór oscailte Feabhra 2020.

*"Is deis mhór a bheidh ann i gcomhair cheiliúradh an chultúir, agus i gcomhair cheiliúradh na háite seo, áit chomh beo bríomhar eisceachtúil leis! Seo é an áit a gcónaímid, agus tá deis againn anois sochaí níos cuimsithí a thabhairt i gceist ann ionas nach mbeidh duine ar bith ina dheoraí inár measc."* a dúirt Patricia Philbin, Príomhfheidhmeannach Gaillimh 2020.

Chun an t-eolas is déanaí a fháil faoi gach a bheidh ag titim amach le linn na bliana móire seo téigh go www.galway2020.ie.




Ceiliúradh FRESH STREET#3





Phil Hogan, Coimisinéir an Aontais Eorpaigh, i láthair ag seoladh na haipe Slí Chiarraí



# Aip Shlí Chiarraí do lucht siúlta na sléibhte

Tá oidhreacht shaibhir agus béaloideas ársa Shlí Chiarraí ar fáil anois san 21ú haois, a bhuí sin le haip nuálach a fuair tacaíocht ó mhaoiniú an Aontais.

Is é Béaloideas Chiarraí a d'fhorbair an aip a bhfuil an-chuid eolais uirthi do shiúlóirí faoin gceantar seo a mbíonn trácht na mílte uirthi. Tá mionchur síos inti ar bhreis agus 60 láthair inspéise maille le léarscáileanna éagsúla.

Is é Phil Hogan, Coimisinéir an Aontais, a sheol an aip ilteangach Slí Chiarraí in Aibreán 2019.

*"Is eiseamláir í de phobal áitiúil a úsáideann tacaíocht ón Aontas chun forbairt áitiúil inbhuanaithe a bhaint amach,"* ar sé.

*"Agus an aip curtha le chéile acu, tá Ciarraí ag tarraingt ar a thraidisiún uasal scéalaíochta chun earraíocht a bhaint as a oidhreacht shaibhir tríd an turasóireacht chliste."*

Dar le Johnny O'Connor, Uachtarán Choiste Bhéaloideas Chiarraí, is í Slí Chiarraí an tslí is áille ar domhan.

*"Agus an aip seo á forbairt againn, chuir muid romhainn saibhreas agus éagsúlacht na hoidhreachta agus an bhéaloidis atá le fáil i ndeisceart Chiarraí a thaispeáint do na daoine a thugann cuairt ar an gceantar, go háirithe do na mílte a thagann anseo chun Slí Chiarraí a shiúl"* ar sé.



An siúlóir a íoslódálann an aip saor in aisce, tiocfaidh sé ar láithreacha inspéise le cois grianghraif a thagann chun cinn le cóid GPS agus iad ag dul thar áiteanna ar leith.

Tá scéalta gearra staire agus béaloidis le fáil ar an aip freisin, agus iad á n-insint ag muintir na háite ar feadh na conaire chun léargas beo beathach a thabhairt do shiúlóirí ar shaol agus ar sheanchas an cheantair.

Is a bhuí le muintir na háite a rinne an obair go deonach a bhíothas in ann an aip a fhorbairt, agus thug grúpaí áitiúla tacaíocht di freisin, ina measc sin Páirtíocht Forbartha Chiarraí Theas, iontaobhaithe Theach Mhucrois, oiliúnaithe SOLAS i gCiarraí agus go leor eile nach iad.

I dtús na forbartha, bhí eolas le bailiú faoin gceantar ó Mhucros go Gleann Chárthaigh.

Mhaoinigh tionscadal de chuid Interreg AE an obair seo agus thug Comhairle Contae Chiarraí agus Kerry Group tacaíocht dó freisin.

Is é LEADER a mhaoinigh an bailiú sonraí agus na haistriúcháin, maoiniú arbh fhiú breis bheag agus €19,000 é agus thug Kerry Group agus Béaloideas Chiarraí cistiú meaitseála.

# Féilte agus fáilte



Ailbhe Kenny agus Dr Sara Brandellero

Tá Ollscoil Teicneolaíochta, Baile Átha Cliath, ag glacadh páirt i dtionscadal taighde Eorpach arb é is aidhm dó an teacht a bheidh ar fhéilte, ar imeachtaí agus ar spásanna poiblí uirbeacha a fheabhsú agus iad a dhéanamh níos cuimsithí freisin.

Tá fios fátha féilte agus imeachtaí á fhiosrú ag an tionscadal FESTSPACE féachaint conas a d'fhéadfaí cur leis an teacht a bhíonn ag gach duine ar spásanna poiblí, agus conas iad a úsáid ar bhealaí nua a d'fhéadfadh cur leis an gcaidreamh idir daoine ar de chúlraí difriúla cultúrtha, eitneacha nó socheacnamaíocha iad.

Tá acadóirí as Ollscoil Teicneolaíochta, Baile Átha Cliath, Dr Bernadette Quinn agus Dr Theresa Ryan ag obair ar FESTSPACE i gcomhar le comhghleacaithe ón Ríocht Aontaithe ón tSualainn agus ón Spáinn.

*"Fiosróidh FESTSPACE an chaoi a ndéanann féilte agus imeachtaí difear dá chuimsithí atá na spásanna poiblí,"* a dúirt Dr Quinn.

*"Leagfar béim ar leith sa tionscadal seo atá ar bun in Éirinn ar imeachtaí comórtha a eagraíodh mar chuid den chlár Deacáid na gComórthaí Céad Bliain.*

*"Is dlúthchuid den saibhreas cultúrtha atá le fáil i gcathair Bhaile Átha Cliath iad na féilte agus na himeachtaí, agus féachann an taighde seo le tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanann na himeachtaí sin difear do dhaoine a úsáideann spásanna poiblí agus ar an gcaoi ar féidir le spásanna poiblí a bheith níos cuimsithí dá réir."*



Rinne na Daonnachtaí sa Limistéar Eorpach Taighde, comhpháirtíocht idir 26 Chomhairle um Thaighde sna Daonnachtaí ar fud na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach, maoiniú a bhronnadh ar Ollscoil Teicneolaíochta, Baile Átha Cliath, le haghaidh FESTSPACE.

Dúirt an tOllamh Brian O'Neill, Stiúrthóir Taighde, Nuálaíochta agus Fiontraíochta ag Ollscoil Teicneolaíochta, Baile Átha Cliath, gur mór ag an Ollscoil a bheith rannpháirteach sa taighde.

*Níl in FESTSPACE ach tionscadal amháin i measc 20 tionscadal trasnáisiúnta ar bronnadh maoiniú €20 milliún orthu faoin gclár HERA agus is deis mhór é d'Ollscoil Teicneolaíochta, Baile Átha Cliath, caidreamh a chothú le taighdeoirí sna daonnachtaí ar fud na hEorpa,"* a dúirt sé.

An tOllamh David Gillivray & Dr Bernadette Quinn i gcuideachta taibheoirí sorcais










# Éacht 'jin'-spioráideach Shed Distillery

Ba chloch mhíle ag Drumshanbo Gunpowder Irish Gin ó The Shed Distillery i nDroim Seanbhó, Co Liatroma é nuair a chuaigh siad thar tairseach isteach i margadh Cheanada.

Is margadh dúshlánach é don drioglann, an chéad drioglann as Connacht le 101 bhliain, ach mar gheall ar an gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála - comhaontú trádála nua an Aontais le Ceanada - tháinig deiseanna easpórtála thar barr chun cinn sa mhargadh mór domhanda sin.

Bhí Ceanada siúlta ag Eva Kelly, bainisteoir margaí idirnáisiúnta le deimhin a dhéanamh de gur mhaith an tús a bheadh leis an drioglann.

Is le linn an ama sin a bhuaigh Drumshanbo Gunpowder Irish Gin an duais ghradamach Flaviar Award, comórtas nach mbronntar Oscar le haghaidh na mbiotáillí is fearr ach ar chúig bhiotáille as 22,000 gach bliain.



Ba rud an-tábhachtach é an branda a sheoladh i gCeanada chomh fada agus a bhaineann sé le mórphobal Dhroim Seanbhó agus le cúrsaí fostaíochta faoin tuath in Éirinn.

*Ón gcéad lá riamh b'ionann fís dúinne agus do mhuintir Dhroim Seanbhó i dtaca le comhpháirtíocht, inbhuanaitheacht, fostaíocht agus pobal tuaithe a bheith i mbarr a mhaitheasa,"* a dúirt Patrick J Rigney, bunaitheoir agus stiúrthóir bainistíochta The Shed Distillery.

*"An glacadh iontach idirnáisiúnta seo a bhí lenár gcéad bhranda – Drumshanbo Gunpowder Irish Gin – ba mhór a chabhraigh sé leis an bhfís sin a fhíorú.*

*"Ní raibh ach bheirt fhostaithe againn nuair a chuir muid tús leis an drioglann Nollaig 2014. Is rígheal mar a d'éirigh le Drumshanbo Gunpowder Irish Gin go hidirnáisiúnta ó seoladh Aibreán 2016 é agus dá chomhartha sin tá an fhoireann méadaithe go 32. Is mór an tábhacht a bhaineann le bheith liostaithe i gCeanada - ceann de na margaí is mó ar domhan - i dtaca le tuilleadh post a chruthú amach anseo."*

Níl ann ach an tús do The Shed Distillery ach tá beartaithe acu branda 'grand cru' den scoth d'uisce beatha na hÉireann a sheoladh, an chéad uisce beatha a dhéanfar i gConnacht le breis agus céad bliain.

*"Leanfaimid de bheith ag infheistiú arís agus arís eile an oiread is féidir linn sa chuideachta go ceann i bhfad,"* a dúirt Rigney.

*"Tiocfaidh méadú ó 32 go 50 duine in 2020 ar an líon daoine a bheidh fostaithe ag an drioglann mar gheall ar an gcaoi a bhfuil Drumshanbo Gunpowder Irish Gin agus Sausage Tree Pure Irish Vodka ag fás leo go huaillmhianach ar fud an domhain, agus mar aon le Turas nua na gCuairteoirí atá againn."*



Is i mBán an Aeir i gCo. Bhaile Átha Cliath a fógraíodh na sonraí

# BEI ag tacú le tionscadal tithíochta sóisialta in Éirinn

Tá na céadta tithe nua á dtógáil i mBaile Átha Cliath, i gContae Lú, i gCill Mhantáin agus i gCill Dara a bhuí le maoiniú ar fiú na milliúin euro é ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI).

Tá leath an mhaoinithe 25 bliana á chur ar fáil ag BEI, an institiúid atá freagrach as iasachtaí a chur ar fáil san Aontas Eorpach, don chéad chéim sa chéad scéim tithíochta sóisialta in Éirinn, scéim ar comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí í.

Tá ganntanas tithíocht shóisialta ar Éirinn agus tá an tsamhail comhpháirtíochta príobháidí poiblí á húsáid feasta chun 1,500 aonad a thógáil ar fud an stáit, aonaid a chuirfidh tithe ar fáil do theaghlaigh ar ioncam íseal a bhfuil na tithe sin ag teastáil go géar uathu.

A bhuí leis an tionscadal céad chéime €120 milliún, tógfaidh Comhar Housing 534 theach nua. Is cuid de chuibhreannas Comhar é Choice Housing, agus sin an eagraíocht a dhéanfaidh bainistiú ar na haonaid tithíochta nua faoi chomhaontú maoiniúcháin 25 bliana agus tabharfar ar ais do Stát na hÉireann ina dhiaidh sin é.

Tá Banc na hÉireann, Macquarie Capital agus Banc Forbartha na Cóiré ag tacú leis an tionscadal freisin, ach seo an chéad uair riamh san Eoraip a mhaoinigh BEI scéim tithíochta sóisialta ar comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí í.

*"Is léir don Bhanc Eorpach Infheistíochta a phráinní atá an gá le cur le soláthar na tithíochta sóisialta in Éirinn agus is cúis áthais dúinn leath an mhaoinithe a chur ar fáil,"* arsa Andrew McDowell, Leas-Uachtarán BEI.

*"A bhuí leis an gclár €120 milliún, is fearrde saol na gcéadta teaghlaigh ar fud na tíre sna blianta atá romhainn agus tagann sé sna sála ar an dlúthchomhar a bhí ann idir BEI agus na comhpháirtithe as Éirinn chun dul i ngleic leis an ngéarchéim thithíochta."*

Tá na 534 theach á dtógáil i gcúig limistéar údaráis áitiúil ach beidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath ag gníomhú thar a gceann ar fad.

"I bhfianaise scála na riachtanas maidir leis an tithíocht shóisialta atá roimh an tír, riachtanais atá i gceist do na húdaráis áitiúla go háirithe, is tábhachtach an rud cur chuige úr nuálach a fhorbairt i dtaca le méadú ar sholáthar na tithíochta sóisialta," arsa Brendan Kenny ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Dúirt Eoghan Murphy, an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, gur cloch mhíle é an tionscadal i dtaca le soláthar na tithíochta sóisialta in Éirinn.

*"An tacaíocht luachmhar a thug an Banc Eorpach Infheistíochta agus Banc na hÉireann don tionscadal seo, is léiriú í ar an muinín a bhí acu as an tionscadal ar sásra nuálach é chun tithíocht shóisialta a sholáthar, agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do dhíograis na bpáirtithe leasmhara uile ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach, an díograis chéanna a thug an tionscadal chomh fada leis an áit a bhfuil sé anois,"* a dúirt sé.









Droichead iarnróid Liatroma

# Droichead ar bhearna i Liatroim

Ní fada ó bhíodh an-mhoill ar an traein agus ar phaisinéirí ó iarthar na hÉireann go Baile Átha Cliath ag dul trasna na Sionainne ag Droim ar Snámh i gContae Liatroma.

Bhí an seandroichead iarnróid chomh lag sin go mb'éigean do na traenacha moilliú roimhe agus dul trasna chomh mall le seilide ar fhaitíos na bhfaitíos.

*"Ní raibh ann ach seandroichead agus bhí bail le cur air de shíor, rud a d'fhág nach bhféadfadh traenacha tiomáint ach ar luas 10 míle san uair ina chóngar,"* arsa Aidan McAdam, speisialtóir san innealtóireacht struchtúrtha le hIarnród Éireann.

Is minic a fiosraíodh athchóiriú an droichid, ach ba léir go mbeadh sé róchostasach. Is in 2008 a glacadh leis an bplean faoi dheireadh, a bhuí le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a thug tacaíocht d'athchóiriú an droichid mar chuid de chlár sábháilteachta na n-iarnród.

*"Is féidir le traenacha tiomáint ar luas 75 mhíle san uair ar feadh an turais anois, rud a chuireann feabhas mór le saol na bpaisinéirí rialta,"* arsa McAdam.

Mar gheall ar an áit a bhfuil an droichead iarnróid - is ag dul trasna na Sionainne ó Liatroim go Ros Comáin a bhíonn sé ag pointe nach féidir dul chomh fada leis ar an mbóthar - bhí bóthar sealadach le tógáil ag innealtóirí chun go bhféadfaí an droichead a bhaint amach agus obair a dhéanamh air go sábháilte.

*"Fuair muid ceann de na craenacha is mó ar domhan ar cíos chun na seanréisí a thógáil amach, chun na brónna íochtair nua a thógáil isteach agus chun na réisí nua a chur isteach, agus ansin leag muid raon nua thar an droichead agus nasc muid an raon atá ann faoi láthair,"* arsa an tUasal McAdam.

Is lasmuigh d'uaireanta oibre na traenach a rinneadh an obair ullmhúcháin uile i dtosach ionas gur beag ar fad a chuirfí isteach ar na paisinéirí, agus dúnadh an raon ina dhiaidh sin ar feadh 10 lá le linn don obair a bheith á déanamh go sábháilte.

A bhuí leis an athchóiriú €5.5 milliún, tá struchtúr an droichid níos iontaofa ná a bhí, agus is giorra an t-aistear traenach ó Shligeach go Baile Átha Cliath dá réir. Tá súil go mbeidh an struchtúr nua ann go ceann 120 bliain.



Oileán Chléire

# Fuinneamh glan, fuinneamh Chléire

A bhuí le tionscnamh de chuid an Aontais i dtaca leis an bhfuinneamh glan, is neamhspleáiche rathúla inbhuanaithe a bheidh na hoileáin ar chósta na hÉireann.

Tá Oileáin Árann agus Cléire ar na 26 oileán ar fud na hEorpa atá ag glacadh páirt i dtionscadal uaillmhianach chun aistriú go foinsí fuinnimh ghlain.

Tá an chuid is mó de na hoileáin fós i muinín easpórtálacha costasacha breosla iontaise le haghaidh teasa, cócaireachta agus uisce te, in ainneoin a mhéad foinsí fuinnimh in-athnuaite atá acu idir an ghaoth, an ghrian agus na tonnta.

Is é is aidhm d'Fhuinneamh Glan d'Oileáin an Aontais cabhrú leis an oiread pobal oileánda agus is féidir aistriú go fuinneamh in-athnuaite.

Ní fearr áit ná Cléire i gcomhair an tionscadail. Os cionn 30 bliain ó shin, ba cheannródaí domhanda é an t-oileán i dtaca leis an bhfuinneamh glan de, oileán nach bhfuil ach 5 km ar fad, ós ann a bunaíodh an chéad chóras fuinnimh ghaoithe in Éirinn.

*"I ndáiríre, b'oileán ceannródaíoch é Cléire chomh fada leis an bhfuinneamh in-athnuaite de,"* arsa Mairtín Ó Méalóid, bainisteoir chomharchumann an oileáin, Comharchumann Chléire Teoranta (CCT).



Tá súil ag an Méalóideach go mbeidh Cléire ina cheann feadhna i dtaca leis an bhfuinneamh glas de arís eile a bhuí le Fuinneamh Glan d'Oileáin an Aontais.

*"D'fhéadfadh sé a bheith thar a bheith tábhachtach don oileán go fadtéarmach,"* a dúirt sé.

*"Bheadh Cléire ar cheann d'oileáin cheannródaíocha an Aontais ó thaobh an fhuinnimh ghlais de arís eile, agus bheimis ag súil go gcuirfeadh sin leis an éiceathurasóireacht anseo dá bharr sin freisin."*

Is fada le muintir na háite nó go mbeidh an t-oileán ag giniúint a chuid fuinnimh in-athnuaite féin.

Tá clár á fhorbairt ag pobal Chléire chun aistriú go fuinneamh glan, clár atá le foilsiú in 2020, agus anuas air sin cuirfear tionscnamh suntasach ar bun i samhradh 2019 i dtaca leis an bhfuinneamh glas ar an oileán.

Tá tús á chur ag an Údarás Náisiúnta Iompair le busanna leictreacha ar an oileán mar chuid de thionscadal píolótach a d'fhéadfadh teacht in ionad na seirbhíse iompair tuaithe Local Link ar fud na tíre.


Tabharfar dhá mhionbhus seacht suíochán do CCT, sin é an grúpa atá i mbun na seirbhíse atá ar an oileán faoi láthair. Luchtófar iad i dtosach báire le haonaid ghlasa a cheannófar agus le painéil fótavoltacha gréine.

Is é is bunsprioc don méid sin, go luchtófar iad ó chumhacht a ghineann tuirbíní gaoithe bunaidh an oileáin ó na 1980í, tuirbíní a dhéanfar a athchóiriú chuige sin.





# Cairde Éanlaith Éireann agus tarrtháil na gCrotach




Tá fead shainiúil an Chrotaigh ar na fuaimeanna is suaithní a chloisfeá ar sheascainn agus ar phortaigh an tsamhraidh, ach d'fhéadfadh sé gur gearr a mhairfidh mórán cuimhne in Éirinn ar an bhfead chéanna.

Is amhlaidh atá, mar an lapaire éin is mó san Eoraip, éan caolchosach cromghob, is éan é atá i mbaol a mhúchta ar chladaí na hÉireann.

Le 50 bliain anuas, tá meath mór tagtha ar líon na ngnáthóg pórúcháin oiriúnach agus tá a shliocht sin ar líon na gCrotach ar fud na hEorpa, ach is in Éirinn, thar aon tír eile, is mó atá an meath sin le sonrú.

Tá an Crotach chomh mór sin i gcontúirt a dhíothaithe gur tosaíocht caomhantais oifigiúil anois é, agus tá sé ar liosta dearg na 'nÉan arb Ábhair Imní a gCaomhnú' ag Rialtas na hÉireann.



An Crotach

Measann saineolaithe éan go bhfuil laghdú 97 faoin gcéad tagtha ar an líon Crotach ó bhí na 1980í ann agus tá iarrachtaí faoi lán seoil anois chun an speiceas a chosaint sula mbeidh sé rómhall.

Chuaigh Cairde Éanlaith Éireann i gcomhar le Irish Natura agus Cumann Feirmeoirí Sléibhe ('Hill Farmers Association'), le hIontaobhas Caomhantais Patraiscí Liatha Éireann ('Irish Grey Partridge Conservation Trust') agus le Teagasc mar chuid de thionscadal de chuid an Aontais atá ag dul chun sochair do láithreacha pórúcháin is eol dúinn a bheith ann ar Loch Coirib, Co. na Gaillimhe agus i bportaigh Liatroma Theas.

Tá modhanna ceannródaíocha á n-úsáid ag an tionscadal idir Cumann Phórú Crotach na hÉireann agus an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach i réimse na talmhaíochta (EIP-AGRI) ionas gur fearr an toradh a bheidh ar an bpórú ar thalamh feirme agus ar phortaigh.


Tháinig meath chomh mór sin ar an gCrotach nach bhfuil ach 135 phéire pórúcháin fágtha de.

*"An laghdú atá tagtha ar an líon gnáthóg le cois an mhéadaithe atá tagtha ar an gcreachóireacht a dhéantar is mó is cúis leis an meath sin, agus faoi láthair ní leor an ráta pórúcháin chun an bhris a thabhairt isteach,"* arsa Kathryn Finney, bainisteoir tionscadail Chumann Phórú Crotach na hÉireann EIP.

Agus é ag obair i ndlúthchomhar le príomhpháirtithe leasmhara agus leis an gcomhphobal feirmeoireachta, bunóidh Crotach EIP ('Curlew EIP') scéimeanna agra-chomhshaoil chun gnáthóga a athshlánú agus chun neadacha a chosaint ar chreachadh.

*"Ní mór dúinn gnáthóga oiriúnacha a fhorbairt, agus réitigh a fháil de réir na réigiún i dtaca leis na cúiseanna a dhéanann difear do phórú an Chrotaigh in Éirinn,"* arsa Finney.

*"A bhuí leis an gclár EIP tá sásra tábhachtach againn trínar féidir linn sin a dhéanamh."*




# An fharraige mhór á mapáil

Is mó is eol dúinn faoi thaobh caoch na gealaí agus faoi dhromchla Mharsa ná mar is eol dúinn faoi thimpeallachtaí na farraige móire.

Mar sin féin, tá solas á chaitheamh ar an gcuid is dorcha de ghrinneall réigiún muirí an Atlantaigh Thuaidh ag Éireannaigh atá rannpháirteach i dtionscadal atá á mhaoiniú ag an Aontas.

Tá an tionscadal ATLAS, tionscadal atá á stiúradh ag Ollscoil Dhún Éideann, i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus leis an FBM Éireannach AquaTT UETP Ltd, ag mapáil réigiún muirí an Atlantaigh Thuaidh chun go ndéanfar bainistiú éifeachtach sábháilte inbhuanaithe ar na hacmhainní muirí.

*"Cuireadh an tionscadal ATLAS ar bun mar gheall ar mhóréileamh ón gCoimisiún Eorpach cur lenár dtuiscint ar an gcothromaíocht is gá idir caomhnú agus saothrú a dhéanamh in éiceachóras an Atlantaigh Thuaidh,"* arsa Murray Roberts, an comhordaitheoir tionscadail ó Scoil na nGeo-eolaíochtaí ag Ollscoil Dhún Éideann.

Uiscí na n-éiceachóras domhainfharraige a bhfuil tuilleadh agus tuilleadh brú á chur orthu mar gheall ar ghníomhaíochtaí an duine, sin an rud is mó ar a ndíríonn gníomhaíochtaí taighde ATLAS.

Roghnaíodh roinnt cás-staidéar chun léiriú a thabhairt ar na cineálacha difriúla timpeallachtaí muirí atá san Atlantach Thuaidh.

Ina measc sin, tá an Muirbhiochta Porcupine atá le fáil amach ó chósta thiar na hÉireann, ar timpeallacht ar fheabhas é chun cuir chuige éagsúla de chuid na Pleanála Spásúla Muirí a fhorbairt faoi ATLAS.

Is é Dr. Anthony Grehan ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, atá i gceannas ar an bPleanáil Spásúil Mhuirí faoin tionscadal ATLAS.

*"Meastar go bhfuil ról lárnach ag an bPleanáil Spásúil Mhuirí chun bainistiú acmhainní inbhuanaithe atá bunaithe ar éiceachórais a chur chun cinn,"* ar seisean.

Is limistéar é an Muirbhiochta Porcupine a bhfuil diantaighde á dhéanamh air le blianta fada. Ach níor tuigeadh a thábhachtaí atá a chuid sceireacha coiréalaigh fuaruisce go dtí tús an chéid seo.


Tá cairn charbónáite sa limistéar a d'fhéadfadh a bheith na céadta méadair ar airde. Is é Réigiún Mullóige Belgica sa Mhuirbhiochta Porcupine an chéad Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS) amach ón gcósta san Aontas, faoi mar a d'ainmnigh údaráis na hÉireann é faoin Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach.

Le déanaí tá méadú tagtha sa Mhuirbhiochta Porcupine ar an tsuim atá á léiriú sa taiscéalaíocht ola agus gáis ann agus tá roinnt páirtithe leasmhara eile ann, ina measc earnáil na hiascaireachta, earnáil na teileachumarsáide, an taighde eolaíoch agus an earnáil caomhantais, ar féidir leo leas a bhaint as an bhforbairt atá déanta ar chuir chuige na Pleanála Spásúla Muirí faoi ATLAS.

Na torthaí agus na léargais a eascróidh as ATLAS, cuirfidh siad bonn eolais faoi phlean spásúil muirí náisiúnta 2020 na hÉireann agus cuirfidh siad leis an bplé idirnáisiúnta a bheidh ann ar dhréachtú rialacháin de chuid na Náisiún Aontaithe chun an bhithéagsúlacht a chosaint lasmuigh de dhlínsí náisiúnta - rialachán UN BBNJ mar a thugtar air.

Tá tuilleadh eolais faoi ATLAS le fáil ag www.eu-atlas.org.


Tionscadal ATLAS










Isabel Conaghan, Amanda Bates agus Cael Gallagher ó Choláiste Naomh Columba

# Díospóireacht na nDaltaí faoi Thodhchaí na hEorpa

Is le hobair mhór a spreagtar daoine óga le dul leis an bpolaitíocht de ghnáth, ach a bhuí le himeacht bliantúil a eagraíonn an Coimisiún Eorpach tá deis á tabhairt do dhaltaí meánscoile páirt a ghlacadh sna díospóireachtaí a mhúnlóidh an todhchaí.

Eagraíonn Comhairle Bréige an Aontais Eorpaigh cruinniú bréige de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh inar féidir le daltaí taithí a fháil iad féin ar phróiseas cinnteoireachta an Aontais.

Déanann gach scoil ionadaíocht ar Bhallstát amháin don díospóireacht, agus déanann na daltaí agus na múinteoirí taighde ar na ceisteanna a bhaineann leis an tír a bhfuil siad ag déanamh ionadaíocht uirthi.

Is é Coláiste Naomh Columba, Srath an Urláir, Co. Dhún na nGall, a thug leo an duais in 2019, nuair a fuair siad an ceann ab fhearr ar 24 scoil eile as gach cearn d'Éirinn. An chaoi ar cheart don Aontas a bhuiséad don tréimhse 2021-27 a chaitheamh ab ábhar don phlé.

Dúirt Cael Gallagher, duine den fhoireann a bhuaigh an comórtas, gur mhór aige a bheith páirteach ann.

*"Thug sé deis dúinn tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an Eoraip," ar sé. "Chuir an comórtas ar mo shúile dom gur de dhlúth agus d'inneach ár saoil laethúil an tAontas Eorpach."*

Rinne Naomh Columba ionadaíocht ar an gCróit sa díospóireacht, díospóireacht ar chuir Helen McEntee, Aire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, tús léi ag Caisleán Bhaile Átha Cliath, agus chuaigh an méid a chonaic sí agus a chuala sí go mór i bhfeidhm uirthi.

*"Is cúis áthais dom go bhfuil an oiread sin scoileanna ar fud na hÉireann atá chomh tógtha sin le díospóireacht 2019 na Comhairle Bréige maidir le buiséad an Aontais a bheidh ann amach anseo,"* a dúirt an tAire McEntee.



Dúirt Gerry Kiely, Ceann Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn, gur thráthúil ábhar na díospóireachta.

*"Tá plé gníomhach á dhéanamh ag na Ballstáit faoi cé acu a thugann an Buiséad atá beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach aghaidh ar a dtosaíochtaí aonair fadtéarmacha agus ar a gcomhthosaíochtaí fadtéarmacha nó nach dtugann,"* a dúirt sé.

Is é an Seanadóir Neale Richmond a rinne cathaoirleacht ar an díospóireacht agus dúirt sé gur léirigh na daltaí an-tuiscint ar thosaíochtaí caiteachais na mBallstát a ndearna siad ionadaíocht orthu.

*"Is cruthaitheach mar a léirigh siad an chaoi a ndéanann na Ballstáit cosaint ar a gcuid leasanna i gcaibidlíocht an-chasta mar í agus ba léir an-ghealladh taidhleoireachta a bheith faoi na daltaí agus iad ag teacht ar chonclúidí faoin gcaoi ar cheart buiséad an Aontais a chaitheamh,"* a dúirt sé.

Is í Mairead McGuinness, Feisire, Céad-Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, a bhronn na duaiseanna ar na foirne a tháinig sa chéad áit agus sa dara háit.





John Nolan, Ollamh

# Tionscadal i bPort Láirge: oscailt mhór súl

A bhuí le tionscadal atá á mhaoiniú ag an Aontas agus a bhí á óstáil in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, thángthas ar bhealaí nua chun radharc an duine a fheabhsú trí úsáid a bhaint as cothaithigh thábhachtacha atá le fáil i dtorthaí agus i nglasraí.

A bhuí le diantástálacha súl a rinneadh faoin tionscadal CREST a bhí á stiúradh ag John Nolan, Ollamh, fuarthas amach go bhfuil trí lí a dtugtar caraitéanóidigh orthu, trí lí atá le fáil i dtorthaí agus i nglasraí, ag cosaint mhacúl na súile, an ball atá freagrach as an amharc lárnach agus as an amharc mionsonraithe.

Is dea-scéala é an taighde d'othair a bhfuil luathchéimeanna an mheatha mhacúlaigh seanaoise ag cur orthu.

De réir taighde breise cabhraíonn na caraitéanóidigh leis an gcuimhne agus le frithghníomhuithe freisin, rud a fhágann go bhféadfaidís cur le cáilíocht saoil na n-othar a bhfuil galar Alzheimer orthu.


*"Ar na saolta seo, is den ghnáthchleachtas é na caraitéanóidigh sin a úsáid i réimse an chúraim súl,"* arsa an tOllamh Nolan. *"Tá dochtúirí á n-ordú go hidirnáisiúnta agus tá ag éirí go maith leo. Is rud iontach é gur tháinig muid ar bhealaí chun an fheidhm amhairc a fheabhsú i measc an phobail i gcoitinne, agus ina measc siúd a bhfuil meath macúlach seanaoise orthu, agus úsáid á baint againn as líocha cothaitheacha nádúrtha, sábháilte neamhchostasacha."*

Fuair taighdeoirí CREST beagnach €6.5 milliún de mhaoiniú príobháideach agus de mhaoiniú poiblí san iomlán agus dar le Nolan go bhfuil an Chomhairle Eorpach um Thaighde ar na comhlachtaí is mó a thugann tacaíocht do chláir thaighde.

*"A bhuí leis an gComhairle Eorpach um Thaighde bhí deis againn sméar mhullaigh na n-eolaithe a mhealladh agus an taighde is fearr a dhéanamh, rud a mheall maoiniú,"* a dúirt sé.

*"Tá aird idirnáisiúnta á tabhairt orainn ag comhdhálacha freisin. Tá infheistíocht ERC á giaráil againn chun an taighde a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile."*

Tá an-teist ar Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge i dtaca leis an taighde de agus ba í an chéad Institiúid Teicneolaíochta in Éirinn a fuair ainmniú le haghaidh Bharr Feabhais na nAcmhainní Daonna sa Taighde ón gCoimisiún Eorpach.



Laura Mulkeen

Grianghraf: Ruth Connolly

# Bean ag táthú i measc na bhfear

Conas is féidir le bean a bhí ina bainisteoir imeachtaí constaicí na hinscne a shárú agus a bheith ag déanamh as di féin i gceird ina bhfuil fir go mór i dtreis, dála cheird an táthúcháin? Sin go díreach an ghairm as an gcoiteann a thug Laura Mulkeen uirthi féin agus níl aithreachas dá laghad uirthi.

Bhí luí mór ag Laura leis an gcruthaitheacht a bhí i gceist leis an ngairm sa bhainistiú imeachtaí, gairm a chleacht sí ar feadh deich mbliana. Is as Doire ó dhúchas di, agus is san earnáil ghnóthach sin i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste a bhí sí ag obair.

Bhain sí sult as a cuid oibre, ach má bhain féin níor leor léi riamh an méid a bhí bainte amach aici. Mar sin de, tar éis di aistriú go Dún na nGall mar gheall ar chúinsí teaghlaigh agus ó tharla díomhaoin í, shíl Laura athmhachnamh ó bhonn a dhéanamh ar na roghanna a bhí aici.

Toisc go raibh an ghaibhneacht ina caitheamh aimsire aici, chláraigh Laura le bunrang táthúcháin le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

Bhí an cheird ag cur go mór leis an luí a bhí aici le hobair phraiticiúil agus leis an obair atá dírithe ar an gceardaíocht, agus tá meánchúrsaí déanta aici sa táthúchán agus sa táthúchán píopaí códaithe ó shin i leith.

*"Is é an cinneadh is fearr dá ndearna mé riamh dul leis an táthúchán le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall,"* arsa Laura.

*"Riamh anall bhí mé ag iarraidh dul le ceird, ach is é bealach na hacadúlachta a cuireadh mé. A bhuí leis an mBord Oideachais agus Oiliúna, thuig mé gur mó i bhfad atá mé ar mo chompord sa cheardlann ná san oifig.*

*"Cé nach raibh taithí dá laghad agam ar an táthúchán roimh an mbunrang, is táthaire píopaí códaithe anois mé, agus tá mo chroí istigh san obair. Cé gur fir is mó atá ag obair sa tionscal fós, is mór an tacaíocht a thugann an Bord Oideachais agus Oiliúna do na mná i saol na ceardaíochta.*

*"Tá scoth na dteagascóirí agus na n-acmhainní ann, agus níl sárú na timpeallachta foghlama le fáil."*

Thosaigh Laura ag obair do chuideachta innealtóireachta ó shin, agus tá sí ag súil go mór le cur lena cuid scileanna.

Na cúrsaí sainscileanna ar thug Laura fúthu, bhí siad á gcómhaoiniú ag Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de Chlár um Infhostaitheacht, Ionchuimsitheacht agus Fhoghlaim 2014-2020 Chiste Sóisialta na hEorpa.



Grianghraf: Ruth Connolly





OIDEACHAS & TAIGHDE



# Feabhsú na meabhairshláinte leis an teicneolaíocht

Tá beagnach 165 mhilliún duine san Eoraip a bhfuil neamhoird mheabhracha agus neamhoird néarógacha orthu, ina measc sin an dúlagar agus an buaireamh aigne.

Is mór an dúshlán freastal ar an éileamh atá ar sheirbhísí meabhairshláinte, ach tá eMEN, tionscadal atá maoinithe ag an Aontas, ag cabhrú le modhanna a fhorbairt ionas go mbeidh cúram meabhairshláinte fós ar fáil ar phraghas réasúnta agus go mbeidh teacht ag gach duine air fós sa ré dhigiteach.

Is éard atá in eMEN, líonra de pháirtithe leasmhara i sé thír a dhéanann taighde ar theicneolaíochtaí nua chun cóir leighis a chur ar fhadhbanna meabhairshláinte, agus chun na teicneolaíochtaí sin a chur chun cinn agus a fhorbairt.

Tá sé á mhaoiniú ag Clár Iar-Thuaisceart na hEorpa Interreg agus ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in Éirinn. An chuid de eMEN a bhaineann le hÉirinn, is ag Athchóiriú na Meabhairshláinte ('Mental Health Reform') atá sé á stiúradh, agus tá sé ag cabhrú le eMental Health a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

I Meitheamh 2019, d'eagraigh Athchóiriú na Meabhairshláinte agus Aontas na Mac Léinn in Éirinn seimineár mar chuid de thionscadal a rinne iniúchadh ar na bealaí ar féidir leis an teicneolaíocht tacú leis an meabhairshláinte san oideachas tríú leibhéal.

*"Is mór an leas atá le baint as teicneolaíochtaí eMental Health sna seirbhísí meabhairshláinte agus tugann na teicneolaíochtaí sin tacaíocht do dhaltaí in Éirinn agus thar lear,"* arsa Shari McDaid, Stiúrthóir Feidhmeannach Athchóiriú na Meabhairshláinte.

*"A bhuí leis na cineálacha teicneolaíochtaí sin, tá teacht níos éasca agus níos tapúla, b'fhéidir, ag daoine óga ar chúram meabhairshláinte, agus tá rogha agus smacht níos mó acu ar an gcóir leighis a chuirfear orthu."*



Cainteoirí ag seimineár eMEN

"Tá foireann eMEN na hÉireann ag cur tacaíocht ar fáil do Theiripe Chognaíoch Iompraíoch le haghaidh seirbhísí meabhairshláinte do dhéagóirí.


Cóireáil chasta atá dírithe ar dhaoine fásta is ea an Teiripe Chognaíoch Iompraíoch, ach tá aip nua á cur chun cinn ag eMEN is féidir le déagóirí a úsáid le linn seisiúin cóireála meabhairshláinte.

Is mór atá a chion déanta ag eMEN cheana féin i dtaca le forbairt beartais níos leithne agus do thuiscint níos leithne ar an bpoitéinseal atá ann mar gheall ar eMental Health in Éirinn.

Chuaigh eMEN i bhfeidhm agus i gcion ar bhreis agus 300 príomhghníomhaí trí na seimineáir idirnáisiúnta a bhain le hábhair eMental Health, gan trácht ar na mílte daoine eile trí mheáin éagsúla eile.

I bhfianaise an méid atá bainte amach aige go dtí seo, tá súil go mbeidh oidhreacht bhuan ag eMEN i dtaca le nuálaíochtaí eMental Health a chur chun cinn, i dtaca le sárú na ndúshlán a bheidh roimh na soláthraithe seirbhísí, agus i dtaca le cumhacht a thabhairt do dhaoine a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu ionas gur fearr a bheidh riar a riachtanas acu.






# Srian agus buarach ar an athrú aeráide

Tá tionchar mór ag astaíochtaí gás ceaptha na talmhaíochta ar an athrú aeráide, agus tá Éire páirteach i dtionscadal atá maoinithe ag an Aontas a d'fhéadfadh cabhrú le lorg carbóin mairteola na hEorpa a laghdú.

Is tosaíocht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus toisc go ngineann táirgeadh mairteola sé faoin gcéad de na hastaíochtaí a chruthaíonn an duine, is mór an fhadhb atá ann.



Is é is aidhm do LIFE Beef Carbon, cabhrú le feirmeoirí a lorg carbóin mairteola a laghdú 15 faoin gcéad go ceann 10 mbliana in Éirinn, sa Fhrainc, san Iodáil agus sa Spáinn trí eolas agus dhea-chleachtas a roinnt i dtaca le héifeachtúlacht ar na feirmeacha.

Is comhpháirtithe sa tionscadal iad na heagraíochtaí as Éirinn, Teagasc agus Bord Bia.

*"Le 50 bliain anuas, tá méadú mór tagtha ar an méid carbóin atá san atmaisféar agus is ábhar imní é go bhfuil an aeráid ag athrú dá réir agus go bhfuil drochthionchar aige sin ar an ngeilleagar agus ar an gcomhshaol,"* a dúirt Donal O'Brien as Teagasc.

*"Is as foinsí feirmeoireachta bitheolaíocha a ghintear an chuid is mó de na hastaíochtaí, ainmhithe, mar shampla, agus cineálacha éagsúla ithreach.*

*"Mar sin féin, is féidir lorg carbóin na mairteola a laghdú trí chur leis an éifeachtúlacht, trí theicneolaíocht ísealcharbóin a úsáid agus trí chur le carbón ithreach.*

*"Is go deonach atá feirmeoirí nuálacha LIFE Beef Carbon ag tástáil thionchar na straitéisí beartaithe seo, agus tá feabhas tagtha ar an lorg carbóin cheana féin."*

Tá teicnící talmhaíochta nua a laghdaíonn astaíochtaí gáis ag teacht chun cinn, ach is deacair do na feirmeoirí lorg carbóin na bhfeirmeacha a thomhas chun go mbeidh a fhios acu an áit ar féidir leo na teicnící nua sin a úsáid le go mbeidh siad níos éifeachtúla ó thaobh an charbóin de.

Tá an Treoraí Carbóin Mairteola atá forbartha ag Teagasc agus ag Bord Bia ag dul i ngleic leis sin. Ríomhann sé lorg carbóin na bhfeirmeacha trí phríomhréimsí éifeachtúlachta a thomhas go rialta, bainistiú an sciodair mar shampla, agus tá sé in úsáid i mbreis agus 50,000 feirm mhairteola in Éirinn cheana féin.

Trí spriocanna a leagan síos sna príomhréimsí sin, bíonn a fhios ag na feirmeoirí go beacht cá háit go díreach ar féidir leo dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh an chomhshaoil de.

Cabhróidh an Treoraí plean gníomhaíochta a chur le chéile, plean a réiteoidh an bealach le lorg carbóin na mairteola a laghdú sa deireadh thiar.



Daltaí ó Phobal Scoil Naomh Oilibhéar agus iad ag diasrú tar éis an fhómhair



# Feirm in Éirinn ag laghdú dramhaíl bia

Tá géarchéim ann! Tríocha faoin gcéad (30%) den bhia a tháirgtear ar domhan, ní itear ar chor ar bith é, nó caitear amach é.

Faightear réidh le breis agus milliún tonna de bhia inite gach uile bhliain in Éirinn, agus tá ról ríthábhachtach ag an earnáil talmhaíochta chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo.

An neamhéifeachtúlacht seo sa slabhra agraibhia, is minic laghdú táirgiúlachta agus caillteanas de thoradh air, agus is tábhachtach dá réir sin bearta chun sin a chosc.

Ní chuirtear aon bhia amú in Meade Potato Company i gCo. na Mí, agus tháinig siad ar roinnt smaointe suimiúla faoi conas dul i ngleic leis an gceist dhomhanda seo.

Tá an gnólacht feirme teaghlaigh ag cabhrú le líonra 'diasraithe' a fhorbairt i gcomhar le FoodCloud, banc bia pobail ar comhpháirtí é le Ciste an Aontais um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) in Éirinn.

Is éard is diasrú ann, na buainteoirí a leanúint sa ghort chun an farasbarr a chnuasach agus a thabhairt do charthanachtaí bia ina dhiaidh sin.

*"Is ag brath ar na dálaí fómhair a bhíonn méid an táirge a dhiasraítear,"* arsa Eleanor Meade, bainisteoir oibríochtaí gnó.

*"Mar sin féin, is mór an tairbhe atá le baint as nó cuireann sé ar a súile do na custaiméirí a thábhachtaí atá meas ar an mbia ar feadh an tslabhra soláthair, ó gheataí na feirme amach. Agus feictear dúinn gur maith an bealach atá sa diasrú le sprid na foirne a fheabhsú."*



Cuirtear roinnt de tháirgí Meade Potato Company chuig FoodCloud chun iad a athdháileadh ar dhaoine atá ar an ngannchuid. Na táirgí sin nach bhfuil oiriúnach do mhargaí eile, seoltar iad le haghaidh cothú stoic.

*"Bímid ag infheistiú de shíor i modhanna táirgeachta níos éifeachtúla agus in athshaothrú níos éifeachtúla comhtháirgí; rud atá riachtanach ó thaobh na hinbhuanaitheachta de,"* a dúirt Eleanor.

An taithí atá ag Meade Potato Company ar laghdú an chur amú bia, is taithí í a rachaidh chun sochair d'fheirmeacha ar fud na hÉireann agus na hEorpa. D'óstáil an fheirm fócasghrúpa de chuid na Comhpháirtíochta Nuálaíochta i réimse na talmhaíochta, fócasghrúpa a scaipeann eolas ar dhea-chleachtais na talmhaíochta.



Michael Keohane in éineacht le beirt mhac leis, Colman (ar clé) agus Brian

# Tacaíocht do bhia mara blasta na hÉireann

Ós oileán í Éire, bhí tábhacht leis an iascaireacht riamh anall inti. An t-uisce nádúrtha glan atá againn, tá bia mara ann leis na mílte blianta de réir mar a d'iarrfadh duine é.

D'fhéadfaí a mhaíomh gur fearr an bia mara atá ann sa lá atá inniu ann ach ní mór é a chur ar fáil sa chaoi nach ndéanfar dochar do stoic éisc na nglúnta a thiocfaidh inár ndiaidh.

A bhuí le Comhbheartas Iascaigh agus le Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh an Aontais, tacaítear leis an iascaireacht inbhuanaithe in Éirinn agus cabhraítear le pobail chósta éagsúlacht a chur sa gheilleagar atá ann go háitiúil.

Tá an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh ag tacú le cuideachtaí Éireannacha dála Keohane Seafoods le hearnáil bia mara na hÉireann a fhorbairt agus a threisiú.

In 2019, bhí an gnólacht teaghlaigh seo ar cheann de 17 bhfiontar Éireannacha ar bronnadh maoiniú orthu chun infheistíocht a dhéanamh san earnáil próiseála bia mara.



Is é Michael Creed, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara a d'fhógair dámhachtainí maoiniúcháin an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh, agus mhol sé Keohane Seafoods agus na gnólachtaí eile.

*"Na 17 bhfiontar bia mara atá ag infheistiú €6.5 milliún i mbliana agus cabhair acu ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, is léiriú iad ar an muinín mhór atá á cur san earnáil bia mara,"* a dúirt sé.

*"Tá na cuideachtaí seo ag tapú an rabharta deiseanna margaidh atá ann do tháirgí bia mara na hÉireann, bia mara ar ardcháilíocht.*

*"Is fíor sin go háitithe i gcás cuideachta Keohane Seafoods, cuir i gcás, cuideachta atá ag tabhairt faoi infheistíocht mhór €3 mhilliún chun na hacmhainní táirgthe bradán a dhúbailt sa mhonarcha atá acu i mBeanntraí."*

Is é Michael Keohane a bhunaigh Keohane Seafoods in 2010, fear a bhfuil 30 bliain taithí oibre aige san earnáil iascaireachta. In éineacht lena gclann mhac Colman agus Brian, tá éacht déanta ag an ngnólacht le bia mara na hÉireann le hocht nó naoi de bhlianta anuas. Tá timpeall 200 fostaí ann anois ar dhá láthair i gcathair Chorcaí agus i mBeanntraí, agus soláthraíonn sé táirgí do chuid de na hollmhargaí móra.



Tá roinnt duaiseanna buaite ag an gcuideachta freisin as feabhas a cuid bia mara, agus tá sí ag infheistiú i gcúrsaí taighde agus i bhforbairt táirgí nua.

Tugann an Ciste Eorpach Muirí tacaíocht airgeadais d'fhiontair bia mara na hÉireann, tacaíocht atá ar fáil trí Bhord Iascaigh Mhara, chun gur féidir leo cur leis an méid a tháirgeann siad, breis luacha a thabhairt dá gcuid táirgí, agus a gcuid margaí a fhorbairt ar fud an domhain.









# Éachtaí an tionscadail sacair

Tá clár uathúil maoinithe ag an Aontas agus é ag dul chun tairbhe do dhaltaí óga i mBaile Átha Cliath, clár a chuireann an cuimsiú sóisialta chun cinn agus a bhaineann úsáid as an sacar chun an uimhearthacht a theagasc.

Is é Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) a mhaoiníonn More Than A Club agus tá Bohemian FC - club i mBaile Átha Cliath atá faoi lánúinéireacht ag a lucht leanúna - ag baint an-leas as an gclár.

Tá roinnt cláir shacair eagraith e ag foireann More Than a Club, foireann atá á stiúradh ag Carine O'Brien, agus is maith mar a d'éirigh leis na cláir nuálacha sin. Ar cheann amháin acu, tá clár le haghaidh daltaí sna déaga i bPobalscoil Bhaile Lotrail ina raibh modúil ar an tráchtáil sacair, ar an margaíocht, ar an airgeadas club agus ar an bhforbairt gairme.

Ní hamháin gur bhain na daltaí suaitheantais chóitseála FAI amach, ach d'fhoghlaim siad faoin gcaoi a n-eagraítear imeachtaí móra spóirt agus faoin gcaoi a riartar clubanna spóirt.

Is é More Than A Club a bhí taobh thiar den tionscnamh inspioráideach a theagasc an uimhearthacht trí mheán an tsacair.

Faoin gclár The Double Club bhí ceacht mata 45 nóiméad agus aclaíocht i dteannta a chéile agus baineadh úsáid as leabhar cúrsa a bhí bunaithe ar an sacar agus ar Bohemians.

*"Bíonn rud faoi leith le foghlaim i ngach ceacht le Keith Long, bainisteoir Bohemians agus cuirimid imreoirí, baill agus oibrithe deonacha an chlub chun cinn mar aon leis na daoine sa siopa agus an coimeádaí páirce,"* arsa O'Brien.

*"Mar shampla, úsáidimid coincheapa éagsúla chun an líon scaifeanna is féidir a cheannach le €20 a léiriú, fuinneog an tsiopa, praghsanna trádála, costphraghas, stoc etc."*

Bhronn Nial Ring, iarMhéara Bhaile Átha Cliath teastais ar beagnach 100 dalta ó cheithre scoil áitiúla ag Mansion House as an gclár Double Club a chríochnú le linn a théarma oifige.

*"Is rud fíormhaith é go bhfuil an mhuintir óga ag tabhairt 12 sheachtain don chúrsa," a dúirt sé. "Tá Bohs ag dul i bhfeidhm ar an bpobal. Nuair a bhainim Baile Phib amach, tugaim faoi deara a mhéad atá siad a dhéanamh go háitiúil agus sna scoileanna áitiúla."*

Tá More Than A Club á mhaoiniú trí chlár na hÉireann-na Breataine Bige, clár de chuid CFRE. I measc na gclubanna eile a bhfuil an clár ag dul chun sochair dóibh tá Cork City agus clubanna de chuid na Breataine Bige dála Conwy Borough FC agus Haverfordwest County AFC.




Daltaí ó Naomh Fionnbarra, An Chabrach, agus a dteastais More Than A Club ina seilbh acu







Roinnt de na daoine óga a bhí páirteach sa chlár 'Journeys'



# 'Journeys': an tslí chun tuisceana

Tá na céadta daoine óga as ceantair faoi mhíbhuntáiste i mBéal Feirste, i Léim an Mhadaidh agus i réigiúin na teorann, an Cabhán agus Muineachán mar shampla, ag tabhairt faoi thuras féinfhionnachtana agus féintuisceana i dteannta a chéile.

Tá siad ag glacadh páirt sa chlár 'Journeys', clár a fuair maoiniú ó Chlár PEACE IV an Aontais Eorpaigh. Is é Comhlacht na gClár Speisialta AE atá ag bainistiú an chláir.

Is éard atá sa chlár Journeys, tionscadal trasteorann comhoibríoch idir Springboard Opportunities Ltd, Béal Feirste, Cumann Cónaitheoirí Roe Valley, Léim an Mhadaidh agus Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin

Is é is aidhm dó cumhacht a thabhairt do dhaoine óga 14-24 bliana d'aois le dul i mbun oibre le chéile ar thionscadail atá bunaithe ar an dea-chaidreamh, ar an bhforbairt phearsanta agus ar an tsaoránacht ionas gur féidir leo caidreamh dearfach éifeachtach a bheith acu leo siúd ar de chúlraí eile iad agus cabhrú go mór le sochaí níos fearr a chruthú.

*"Na páistí agus na daoine óga a bhí faoi eisiamh nó faoi imeallú sóisialta, beidh siad in ann cur lena gcuid féinmheasa, lena gcuid buanseasmhachta, agus leis an tuiscint atá acu ar dhaoine de chúlra agus de chultúr eile, trí pháirt a ghlacadh sa tionscadal seo,"* a dúirt Gina McIntyre, Príomhfheidhmeannach Chomhlacht na gClár Speisialta AE.



*"Is mór an difear a dhéanfaidh sé dóibh sa saol agus spreagfaidh sé iad leis an méid a d'fhoghlaim siad a roinnt lena muintir agus leis an bpobal ina bhfuil siad ina gcónaí, ar dhá thaobh na teorann.*

*"'Dá réir sin, lena mbeart agus lena mbriathar, cuirfidh siad athrú ar an tsochaí, sochaí a bheidh níos fadradharcaí agus níos ionchuimsithí."*

Chríochnaigh breis agus 200 duine óg tionscadail Chéim 1 an chláir. I measc na rudaí a rinne siad, bhí gearrscannán faoi chúrsaí meabhairshláinte, agus is iomaí duine acu a bhfuil post faighte acu ó shin, nó atá ag déanamh obair dheonach, nó atá ag tabhairt faoi oiliúint bhreise, nó atá ag freastal ar ollscoil.





Thug breis agus 220 rannpháirtí faoi Chéim 2 den chlár Journeys i dtús 2019 agus tá Grúpa Comhairleach don Óige curtha ar bun acu siúd a chríochnaigh an chéad chéim, grúpa atá ag déanamh cinntí agus ag roinnt smaointe chun cabhrú le múnlú an tionscadail.

Dúirt duine óg amháin a bhí ag glacadh páirt sa chlár gur thug Journeys deiseanna dó nach raibh sé ag súil leo beag ná mór.

*"Mar gheall ar an gclár fuair mé eispéiris nua, eispéiris nár shíl mé a mbeadh spéis agam iontu,"* a dúirt sé.

*"A bhuí leis an gclár Journeys rith smaointe nua liom, smaointe a fhiosróidh mé a thuilleadh tá súil agam."*

# Faoin tuath i nDún Aill: nuálaíocht agus teacht aniar




Muintir na háite ag seoladh oifigiúil Chosán Ghleann Abha

Bíodh go bhfuil dúshláin go leor roimh phobail tuaithe na hÉireann tá tuilleadh agus tuilleadh fianaise ann den nuálaíocht agus den athnuachan rathúil a fhaigheann maoiniú ón Aontas.

Eiseamláir de sin is ea Paróiste Dhún Aill-Fhionnúir, ina bhfuil sráidbhailte Trá na mBád agus Bun Abha i gCo. Phort Láirge.

Tá an pobal áitiúil athraithe go han-mhór ar fad. Is éiceachóras dinimiciúil socheacnamaíoch anois é, agus is eiseamláir é den dea-chleachtas i dtaca leis an athnuachan ón mbun aníos.

Bunaíodh scáthghrúpa fiontair sóisialta sa cheantar in 1993 chun dul i ngleic leis an laghdú mór ar an líon múinteoirí áitiúla, le daonra a bhí ag dul i laghad, leis an imirce chun na gcathracha, agus leis an eisimirce.

San am sin, agus tacaíocht á tabhairt ag an Aontas dóibh, bunaíodh cláir náisiúnta chomhpháirtíochta LEADER, boird fiontar contae agus scéimeanna um fhostaíocht pobail, chun pobail áitiúla a spreagadh le go mbeidís níos neamhspleáiche agus le hathbhorradh a chur faoin eacnamaíocht.

Mar gheall ar na dúshláin a bhí ann, le cois na tacaíochta a tugadh do phobal Dhún Aill, spreagadh iad le bearta a dhéanamh, agus ba rímhór an luach saothair a bhí acu.

Chuaigh daonra pharóiste Dhún Aill-Fhionnúir i méad ó 1,500 go 2,100 duine agus cruthaíodh os cionn 250 post in Éiceapháirc Dhún Aill ('Dunhill Ecopark') ó cuireadh ar bun in 2000 í.

Cuireadh oideachas creidiúnaithe ar níos mó ná 5,000 duine in Ionad Oideachais Éiceapháirc Dhún Aill.

'Ní neart go cur le chéile', sin é mana na háite, agus tá a shliocht sin ar an gceantar.

I measc na dtionscadal iontach atá ag an bpobal tá Cosán agus Tearmann Fiadhúlra Ghleann Abha ('Anne Valley Walkway and Wildlife Sanctuary'). Is stráice 11 km é atá ag síneadh tríd an ngleann ó Shráidbhaile Dhún Aill go Bun Abha, agus Caisleán Dhún Aill i lár báire.

Is grúpa áitiúil d'oibrithe deonacha a d'fhorbair an cosán, ina measc deichniúr feirmeoirí a ligeann a gcuid talún sa ghleann ar léas don chomhairle áitiúil.



Mar chuid den tionscadal seo, tá cosán ann a tógadh go snoite snasta agus atá ag sníomh tríd an ngleann, agus a bhfuil radharc álainn ar uisce, ar chrainn agus ar charraigeacha atá beo le flóra agus fána le feiceáil uaidh.

Is tearmann ag na mílte turasóirí é, ina measc sin grianghrafadóirí, daoine ar spéis leo an fiadhúlra agus an oidhreacht, gníomhaithe timpeallachta, oideachasóirí, cuairteoirí agus teaghlaigh áitiúla.

Is ina dhá chéim, in 2013 agus 2018, a mhaoinigh an chuideachta comhpháirtíochta áitiúil EU LEADER an tionscadal, agus fuarthas maoiniú meaitseála ón bpobal.

Tá an cosán creidiúnaithe ag Comhairle na gCosán Náisiúnta agus déanann oibrithe deonacha an-bhainistiú air.



# An éagsúlacht abú!



Ghlac na mílte páistí scoile ar fud na hÉireann páirt i gclár ar leith a chabhraíonn leo an éagsúlacht a cheiliúradh agus dúshlán an idirdhealaithe a thabhairt.

Faoin gclár An Bhratach Bhuí spreagtar idir dhaltaí, fhoireann agus lucht bainistíochta na scoileanna atá rannpháirteach sa chlár le meabhrú ar an gcultúr agus ar an eitneacht, le bheith bródúil astu féin agus le tuiscint dhearfach a bheith acu ar na difríochtaí atá ann i bpobal a scoile.

Is mar fhreagairt ar an drochthaithí a bhí ag roinnt daoine ina bpobal ar scoil a bhain Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann úsáid cheannródaíoch as an gclár, clár a fuair tacaíocht ó Chiste an Aontais um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht.

*"Shíl muid clár a chur ar bun a rachadh i ngleic le ceisteanna an chiníochais agus na heagsúlachta cultúrtha sna scoileanna,"* arsa Elva O'Callaghan, comhordaitheoir an chláir.

*"Ba mhian le Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann nach ar Thaistealaithe amháin a dhíreofaí ach go mbeadh mionlaigh eitneacha eile i gceist freisin, nó rinneadh tromaíocht orthusan chomh maith mar gheall ar chúrsaí féiniúlachta."*

Fuarthas maoiniú daonchairdiúil chun tús a chur leis an gclár an Bhratach Bhuí agus de réir mar ba léir an leas a bhí sé a dhéanamh, bronnadh beagán le cois €150,000 de mhaoiniú ón Aontas air tríd an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht.



Simona Bondor agus Ikimhat Bahmus ó Scoil Riverdale, Baile Átha Cliath 15

Trí chlár na Brataí Buí cuireann scoileanna próiseas ocht gcéim díobh a chabhraíonn le daltaí agus le múinteoirí foghlaim faoin neamhionannas agus faoin gciníochas, agus léiríonn sé dóibh an chaoi ar féidir a ndúshlán a thabhairt.

Ag deireadh an chláir, bronntar an Bhratach Bhuí ghradamach ar an scoil, bratach is féidir le scoileanna a chur ar foluain os cionn na scoile le teann bróid.

Ghlac 34,000 dalta agus 1,200 múinteoir páirt i gclár na Brataí Buí, ach ní hé leas an tseomra ranga amháin a dhéanann an clár.

*"Sa chlár seo tugtar cuireadh do thuismitheoirí páirt a ghlacadh ann freisin,"* a dúirt Elva. *"Tá coiste éagsúlachta ag gach scoil, coiste arb iad na daltaí den chuid is mó a bhíonn air ach a bhfuil múinteoirí agus tuismitheoirí air freisin.*

*"Tá muid ag fás agus ag forbairt linn. Ba bhreá linn dá ndéanfadh gach scoil an clár agus Bratach Bhuí a bheith acu. Tá sé ag cur crua orainn freastal ar an éileamh atá ann."*

Is é Aonad Cistí an Aontais sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an t-údarás in Éirinn atá freagrach as AMIF.



## Dídean agus dúchas na feirme

Bhí na bunchnoic ar fheirm Abdul sa tSiria faoi bharr amháin garrán ológ agus iad faoi bhláth, sin sula raibh air teitheadh mar gheall ar an gcoimhlint.

Agus é athlonnaithe in Éirinn anois, tá deis ag an bhfeirmeoir 73 bliana d'aois fréamhacha nua a chur agus aire a thabhairt d'úllord.

*"Dála an duine ní mór don chrann analú,"* arsa Abdul, agus é ag tabhairt aire do chraobh. *"Mar sin de gearraimid siar iad chun an ghaoth a ligean tríothu, dála na gcrann ológ sa tSiria."*

Tar éis d'Abdul agus Faisal athlonnú in Éirinn faoi chlár a d'eagraigh an Rialtas i gcomhpháirtíocht le UNHCR, Gníomhaireacht Dídeanaithe na Náisiún Aontaithe, ghlac an bheirt dídeanaithe seo ón tSiria páirt i dtionscnamh 'na feirmeoireachta sóisialta' deich seachtaine ar Fheirm Áth Éanna i gCo. Mhaigh Eo.

A bhuí leis an scéim, tugtar deis do dhídeanaithe athlonnaithe a bheith ag obair le feirmeoirí áitiúla agus scileanna a mhalartú leo, scéim a fuair maoiniú ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht de chuid an Aontais Eorpaigh.

An socrúchán ar a bhfuil Abdul, is ceann de na socrúcháin é atá maoinithe ag Feirmeoireacht Shóisialta Éireann agus atá eagraithe ag Cuideachta Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo, cuideachta a thugann tacaíocht do phobail agus do dhaoine aonair ar fud Iarthar na hÉireann agus a bhfuil roinnt clár de chuid EU LEADER eagraithe aici.

Deir Margaret Leahy ó Chuideachta Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo nach bhfuil aon rud as an gcoiteann ag baint leis na feirmeacha a ghlacann páirt sa scéim.

*"Is gnáthfheirmeacha iad,"* a dúirt sí. *"Ní feirmeacha teiripeacha iad agus níor dearadh iad le haghaidh dream ar leith daoine. Is gnáthfheirmeacha iad agus gnáthdhaoine ag obair iontu. Sin an fáth a bhfuil ag éirí chomh maith sin leo."*

Deir Enda O'Neill, Ceann Oifige le UNHCR Éireann gur minic gur ar an leibhéal áitiúil is mó is léir a dhearfaí atá lánpháirtiú na ndídeanaithe - ag geataí na scoile, san obair, ar na páirceanna spóirt nó sna hallaí pobail.

*"Is léiriú an-mhaith é tionscnamh na feirmeoireachta sóisialta ar an dua a chuireann pobail tuaithe na hÉireann orthu féin teagmháil a dhéanamh lena gcomharsana nua agus deis a thabhairt dóibh a bheith páirteach agus gníomhach i saol an phobail,"* a dúirt sé.

Abdul agus Faisal ar Fheirm Ahena



Grianghraf:
Andrew McConnell
UNHCR





Sven Moritz



## Titim agus turnamh an bhalla

In 1989 bhí an cumannachas in oirthear na hEorpa ag titim as a chéile, agus bhí níos mó brú ag teacht ar údaráis Oirthear na Gearmáine na seicphointí a oscailt ag Balla míchlúiteach Bheirlín a bhí ag deighilt na cathrach stairiúil.

Oíche an 9 Samhain, ardaíodh na bacainní agus anonn go dtí an t-iarthar leis na mílte Gearmánaigh lúcháireacha agus iad ag caoineadh le teann áthais agus ag breith barróga ar a ndaoine muinteartha a bhí scartha uathu le blianta fada.


Ní raibh Sven Moritz, aisteoir, arb as Oirthear Bheirlín dó, ach 14 bliana an t-am sin, agus cé gur cuimhin leis an oíche sin, is anonn ina shaol a thuig sé a thábhachtaí a bhí sí.

*"Mhothaigh mé gur i dtimpeallacht shlán shábháilte a bhí mé i mo chónaí agus mé ag éirí aníos," a dúirt sé. "Ar ndóigh, chuaigh an bholscaireacht i bhfeidhm orainn, ach bhí muidne ar an taobh ceart den bhalla."*

An oíche a osclaíodh an balla, bhí Sven ag éisteacht leis an raidió gur thit a chodladh air agus é dall beagnach ar an méid a bhí tarlaithe.

*"Lá arna mhárach bhí orm dul ar scoil agus bhain mo mháthair gealltanas díom nach rachainn go hIarthar Bheirlín,"* ar seisean.

*"Chuaigh mé ar scoil agus bhí leath an ranga ar iarraidh. Bhí roinnt acu tar éis dul go hIarthar Bheirlín cheana mar sin de cuireadh chun an bhaile muid."*



D'fhiafraigh Sven agus grúpa cairde dá chuid dá máthair an dtiocfadh leo dul Siar agus tugadh a chead sin dóibh - ach filleadh faoi 9pm.

*"Bhí gach duine ar bís. Bhí lúcháir an domhain ar dhaoine. Sna míonna agus sna seachtainí roimh ré bhí caint ann go mbeadh rialacha nua taistil a d'fhéadfadh a bheith ann ach tharla sé chomh tapa sin sa deireadh."*

Ó tharla an Ghearmáin a bheith aontaithe, bhí Sven in ann úsáid a bhaint as a chearta mar shaoránach den Aontas Eorpach chun bheith ag taisteal agus ag obair in aon Bhallstát.

*"Thug sé deiseanna dom nach dóigh liom a gheobhainn in Oirthear na Gearmáine,"* a dúirt sé.

In 2008, bhain Sven úsáid as a chuid saoirse chun taistil le teacht go hÉirinn i ngeall ar an ngrá, agus cé nár bhuan don chaidreamh céanna is in Éirinn a rinne sé a chónaí agus is ann atá sé ag cur lena ghairm san aisteoireacht.

*"Faoi mar is féidir le muintir na hÉireann a bheith ina gcónaí agus a bheith ag obair aon áit san Aontas, is féidir liomsa a bheith i mo chónaí agus a bheith ag obair anseo agus ní raibh orm cead a iarraidh,"* a dúirt sé. *"Ní raibh le déanamh agam ach an cinneadh a dhéanamh agus imeacht liom. Is mór agam a bheith i mo shaoránach Eorpach in Éirinn."*

# Pobail na Somáile: athchumhacht tar éis na díbeartha



Scoil á hoscailt in iardheisceart na Somáile

In 2011, bhí triomach marfach sa tSomáil a thug bás 250,000 duine agus a d'fhág gan dóigh na mílte eile a theith ón mbaile ag lorg tearmainn dá dheasca.

Ina measc sin, bhí Ibrahim Iman, feirmeoir agus fear pósta 39 mbliana d'aois a raibh seachtar clainne aige.

Bhí ar theaghlach Ibrahim dul ar imirce ó shráidbhaile Ufurow in iardheisceart na Somáile áit a bhfuil ceann de na campaí is mó i ndeisceart Baidoa de Dhaoine Easáitithe ina dTír Féin.

Faigheann Ibrahim agus a bhean, Hawa Ugas Mohamed, obair ó am go chéile le riar ar a dteaghlach, ach dála go leor eile tá an-ghanntanas orthu ó thaobh earraí agus seirbhísí fíor-riachtanacha, an soláthar uisce ar rud amháin.

Ghlac Ibrahim ballraíocht le Fóram na bPobal Easáitithe, ar dlúthchuid de Chiste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Afraic é, ciste atá á chur chun feidhme ag Concern Worldwide, eagraíocht neamhrialtasach de chuid na hÉireann, i gcomhar le comhpháirtithe eile.

Is fiú breis agus €3.9 milliún é an Ciste Iontaobhais don Afraic, ciste a bunaíodh in 2015 chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta san Afraic.

Tá sé á mhaoiniú ag buiséad an Aontais Eorpaigh agus ag Ballstáit an Aontais, ciste a ngeallann €15 mhilliún dó.

Tá Ibrahim ina chathaoirleach ar Fhóram na bPobal Easáitithe ina cheantar féin.

San Fhóram seo tugtar le chéile Daoine Easáitithe ina dTír Féin, imircigh atá ag filleadh agus baill ón bpobal óstach chun obair dhaonnúil a chomhordú, agus tugann sé deis don phobal ina iomláine ceisteanna a phlé gan imní gan eagla.

*"Tagaimid ar na daoine leochaileacha inár bpobal agus cabhraímid leo aghaidh a thabhairt ar na bunriachtanais atá acu,"* a dúirt Ibrahim.

*Chomh maith leis sin, réitímid aon aighneas a bhíonn ann, agus is ardán abhcóideachta muid ar mhaithe le riachtanais ár bpobail."*



Shainaithin an fóram gur tosaíocht é an gá a bhí le hionad oideachais sa cheantar, agus bhí sé ag obair i gcomhar le Concern chun cabhrú leis an eagraíocht neamhrialtasach scoil a sholáthar.

Dar le hIbrahim go bhfuil an clár de chuid an Aontais sa tSomáil - le cois na tacaíochta as Éirinn agus iarrachtaí na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha dála Concern - ag tabhairt cumhacht do na pobail atá buailte trí pháirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscadail éagsúla.

*"Is mór a chuir an saol stró agus dua orm féin agus ar mo theaghlach,"* ar seisean.

*"Ach mothaím gur den áit agus den phobal seo anois mé. De réir a chéile is mó a mhothaím gur cuid den phobal seo atá ionam, agus mothaím gur anseo atá an baile faoin am seo."*





# Éireannach i gceannas ar ruathair mhóra drugaí san Eoraip



Michael O'Sullivan

Is iarGharda é ceannaire an Lárionaid Anailíse agus Oibríochtaí Muirí – Támhshuanaigh (MAOC-N), fear atá ar thosach an tslua i dtaca leis an gcomhrac i gcoinne smuigleáil drugaí agus chairtéil na coireachta eagraithe.

Is aonad forfheidhmithe dlí i Liospóin é a fhaigheann tacaíocht ón Aontas, aonad a bhfuil sé de chúram air díriú ar an ngáinneáil ar dhrugaí san Atlantach agus sa Mheánmhuir.

Is é Michael O'Sullivan stiúrthóir feidhmeannach an aonaid ó bhí 2017 ann, agus chabhraigh sé leis an aonad luach timpeall €1.5 billiún cócaoin a bhí ag déanamh ar an Eoraip in 2018 a ghabháil.

Bhí ról mór ag an ngníomhaireacht i ngabháil 9.5 tonna de chócaon ardíonachta ó long ar oileán Rinn Verde i dtús 2019.

*"Ba í an ghabháil drugaí is mó riamh i stair mhuirí na hEorpa í,"* a dúirt O'Sullivan.

*"Tá sé de chúram orainn a bheith ag obair le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí chun díriú ar dhrugaí a bhíonn á seoladh as Meiriceá Theas. Is é an ról atá againne gabháil a dhéanamh ar na drugaí a bhíonn á seoladh ag lucht na coireachta eagraithe trasnáisiúnta sula mbaineann siad sráideanna Pháras nó Bhaile Átha Cliath amach."*


Is mór an taithí a fuair an tÉireannach le linn a ghairme leis an nGarda Síochána, gairm a mhair beagnach daichead bliain, agus é ag plé leis an sceimhlitheoireacht agus le coireanna drongchoirpeachta.

Faoin am seo, is ag úsáid a chuid saineolais a bhíonn sé chun straitéisí a cheapadh le drugaí atá á seoladh ó thír go tír a ghabháil ar muir nó ar an aer. Is minic a bhíonn sé ag comhoibriú le gníomhaireachtaí agus le cláir éagsúla de chuid an Aontais chun gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac agus chun Straitéis na hEorpa maidir le Drugaí agus Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm.

Tuigeann O'Sullivan gur comhrac síoraí é an comhrac i gcoinne na ngáinneálaithe drugaí, ach nuair a ghabhann MAOC-N drugaí na gcairtéal, is cinnte gur trom an buille orthu é.

*"Scéal cinnte é gur mó i bhfad díobh a bhainfeadh an Eoraip amach murach an obair mhór a dhéanann na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, custaim agus muirí ar fud na hEorpa a chuireann a gcuid acmhainní agus a bpearsanra le chéile chun teacht roimhe sin. Murach muidne, ba mhíle measa an cás."*






## Teagmháil leis an Aontas Eorpach

### AR LÍNE

Tá tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar shuíomh gréasáin Europa:
*www.europa.eu*

### AR AN bhFÓN NÓ LE RÍOMHPHOST

Seirbhís lena dtugtar freagra ar na ceisteanna atá agat faoin Aontas Eorpach is ea Europe Direct:

- Uimhir shaorghlao: 00800 67 89 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
- Le ríomhphost: *https://europa.eu/european-union/contact_en*

### I bPEARSA

Tabhair cuairt ar cheann d'Ionaid Eolais Europe Direct:
*www.europedirect.europa.eu*

### IONAID EOLAIS EUROPE DIRECT:

*Europe Direct Chluain Eois*
98 Ascaill Chluain Eois, Co. Mhuineacháin H23 RW70
*cloneslibrary@monaghancoco.ie*

*Europe Direct Bhaile Bhlainséir*
An Lárionad Cathrach, Lárionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15
*europedirect@fingalcoco.ie*

*Europe Direct Phort Laoise*
Dunamaise House, Cearnóg an Leastaraigh, Port Laoise, Co. Laoise R32 X702
*europedirect@laoiscoco.ie*

*Europe Direct Leitir Ceanainn (agus Ghaoth Dobhair)*
Bóthar Oilibhéir Pluincéid, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall F92 R273
*eudirect@donegallibrary.ie*

*Europe Direct Bhéal Átha na Sluaighe (agus na Ceathrún Rua)*
Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe, Sráid an Chumainn, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe H53 T320
*Ballinasloe@galwaylibrary.ie*

*Europe Direct Phort Láirge*
Lána Mhuire, Co. Phort Láirge X91 V045
*europedirect@waterfordcity.ie*

*Europe Direct Shligigh*
Sráid Stiofáin, Co. Shligigh F91 X264
*europedirect@sligococo.ie*

### IONAID DOICIMÉADÚCHÁIN EORPACHA:

*An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Foilseacháin Oifigiúla & Ionaid Doiciméadúcháin Eorpacha*
Leabharlann James Joyce COBÁC, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Ollscoil Luimnigh*
Leabharlann Glucksman, Ollscoil Luimnigh, Luimneach

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Robert Schuman*
Leabharlann COC, Bóthar an Choláiste, Corcaigh

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide*
Coláiste na Tríonóide, Sráid an Choláiste, Baile Átha Cliath 2

*Ionad Doiciméadúcháin Eorpach Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Leabharlann James Hardiman, Bóthar an Chaisleáin Nua, Gaillimh

### AN COIMISIÚN EORPACH AGUS PARLAIMINT NA hEORPA:

*Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn*
Teach na hEorpa, 12-14 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.
www.euireland.ie

*Oifig Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa in Éirinn*
Teach na hEorpa, 12-14 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. www.europarl.ie

europe direct



An Coimisiún Eorpach

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil le:


# Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn

Teach na hEorpa, 12-14 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath, D02 W710

Fón: +353 1 6341111

Ríomhphost: eu-ie-info-request@ec.europa.eu  Suíomh gréasáin: www.euireland.ie


www.twitter.com/eurireland

www.facebook.com/EUIreland

https://www.instagram.com/euireland/

https://www.linkedin.com/company/eu-ireland/

#EUstories